Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0074 (COD)**

**7245/1/18**
**REV 1 ADD 2**

**PECHE 88**
**CODEC 405**
**IA 70**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 113 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic éisc in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 113 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 113 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.4.2018
SWD(2018) 113 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic éisc in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008**

{COM(2018) 149 final/2} - {SWD(2018) 112 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill agus dá n-iascaigh in uiscí Iarthair an Aontais Eorpaigh |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| I bhformhór na n-iascach grinnill in uiscí Iarthair an Aontais is amhlaidh a ghabhtar roinnt speiceas in éineacht in aon oibríocht. Is é an fhadhb atá leis sin go mbítear ag déileáil leis na deiseanna iascaireachta faoi réir na rialacha reatha ionann is dá ngabhfaí na héisc ar leithligh. I bhfírinne, áfach, is amhlaidh a ghabhtar roinnt speiceas in éineacht in aon oibríocht agus bíonn staid bhitheolaíoch na stoc éisc a bhfuil cuótaí níos ísle i bhfeidhm ina leith ag brath ar stoic eile a bhfuil cuótaí níos airde i bhfeidhm ina leith agus a ghabhtar sna hiascaigh ilspeiceas chéanna. Dá réir sin, a luaithe a bhíonn na cuótaí níos ísle i gcás speiceas áirithe ídithe, leanann iascairí de bheith ag díriú ar éisc eile a bhfuil cuótaí níos airde i bhfeidhm ina leith. Leanfaidh siad, áfach, de bheith ag fáil éisc ina n-eangacha a mbeidh na cuótaí ina leith ídithe cheana agus leanfaidh siad de bheith á n-aischur san fharraige go dtí 2019 nuair a thiocfaidh an oibleagáid na gabhálacha ar fad a thabhairt i dtír i bhfeidhm ina hiomláine. Dá thoradh sin, déantar ró-iascaireacht ar na stoic éisc sin a bhfuil cuótaí ísle i bhfeidhm ina leith agus ciallaíonn sé sin nach féidir linn líon na stoc a bhíonn á n-iascach go hinbhuanaithe a mhéadú. De thoradh creat rialachais den chineál sin maidir le cuótaí nach bhfuil i gcomhréir le chéile a bheith ann, ó 2019 ar aghaidh dúnfar iascaigh go luath ina bhfuil cuótaí ar fáil go fóill. D'fhéadfadh a leithéid de chás a bheith ina chúis leis an tionscal gan a bheith rannpháirteach i mbainistiú na n-iascach sin. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Leis an tionscnamh táthar ag súil go gcuirfear creat bainistíochta i bhfeidhm a áiritheoidh go bhfuil stoic éisc in uiscí an Iarthair inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. D'fhágfadh an tionscnamh go bhféadfaí gné ilspeiceas na n-iascach sin in uiscí an Iarthair a chur san áireamh nuair a shocrófar san am atá amach romhainn deiseanna iascaireachta agus cuótaí, seachas an córas cuótaí aonspeicis atá ann faoi láthair. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Gluaiseann stoic éisc agus soithí iascaireachta gan bhac in uiscí náisiúnta agus thar theorainneacha idirnáisiúnta. Mar sin de, ní dócha go n-éireoidh le beart ar leibhéal an Bhallstáit aonair na hiascaigh a bhainistiú. Dá réir sin, is é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais gur féidir linn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm bearta éifeachtacha bainistithe a bheadh ina gceangal ar gach Ballstát agus gach soitheach atá ag déanamh iascaireachta ar iasc grinnill in uiscí an Iarthair. D'áiritheofaí leis sin go mbainfí cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) amach chun na stoic éisc a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Breithníodh trí rogha:<br>Rogha 1 (an cás bonnlíne): úsáid a bhaint as uirlisí CBI, amhail socrú cuótaí agus rialáil beart teicniúil (na rialacha maidir leis an gcaoi agus an áit is ceart iascaireacht a dhéanamh) agus as pleananna bainistíochta aonspeicis atá ann cheana.<br>Rogha 2: plean ilbhliantúil ilspeiceas amháin a chur in ionad na bpleananna atá ann cheana le haghaidh uiscí an Iarthair.<br>Rogha 3: dhá phlean ilbhliantúla ilspeiceas, lena gcumhdófar uiscí an Iarthair Thuaidh agus uiscí an Iarthair Theas, a chur in ionad na bpleananna atá ann cheana.<br>Is gá roghanna beartais a dhéanamh i leith eilimintí éigeantacha agus eilimintí roghnacha na bpleananna ilbhliantúla araon. Mar shampla: maidir le raonta $F_{MSY}$ a úsáid, a d'fhéadfadh tionchar dearfach nó diúltach a |

imirt ach sin ag brath ar a n-úsáid. Cuireadh Rogha 2 agus Rogha 3 i gcomparáid leis an mbonnlíne, Rogha 1, chun anailís a dhéanamh. Breithníodh na tionchair chomhshaoil, shocheacnamaíocha agus riaracháin uile go léir agus a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a gcomhleanúnachas agus a n-inghlacthacht san anailís. Is é an rogha thosaíochta go mbeidh plean ilbhliantúil amháin i bhfeidhm lena gcumhdófar uiscí an Iarthair ar fad (Rogha 2) mar gurb é an rogha sin is fearr a bhí ann chun creat bainistíochta comhsheasmhach a sholáthar le haghaidh iascaigh ilspeiceas. D'fhágfadh an rogha sin go mbeadh simpliú agus trédhearcacht ann mar nach mbeadh le cur i bhfeidhm ag páirtithe leasmhara ach aon phlean bainistíochta amháin agus is féidir leo comhaontú ar bhearta faoi phróiseas an réigiúnaithe.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Níor léirigh ach dhá Bhallstát tuairim faoi seo sa chomhairliúchán spriocdhírithe, agus chomhaontaigh siad araon gur fearr pleananna ilbhliantúla amhail Rogha 2 agus Rogha 3 ná Rogha 1 a bhí gan éifeacht, dar leo nó nach raibh le húsáid ach amháin mar rogha dheiridh.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Ní féidir na tairbhí díreacha eacnamaíocha nó sóisialta ó iascaigh inbhuanaithe a chainníochtú, ach is cinnte gur fearr stoic fholláine don tsláine fhadtéarmach i dtaca le hioncam agus fostaíocht in earnáil na hiascaireachta. Léirítear san anailís cháilíochtúil gurb é an rogha lena gcruthaítear plean ilbhliantúil ilspeiceas amháin le haghaidh uiscí an Iarthair ar fad an rogha a thugann an scór is fearr ar na critéir seo a leanas:

- éifeachtacht agus éifeachtúlacht
- an t-ualach riaracháin a laghdú
- príomhchuspóirí foriomlána CBI a bhaint amach
- creat bainistíochta a sholáthar lena n-éascaítear cobhsaíocht agus intuarthacht do thionscal na hiascaireachta

Is é an rogha thosaíochta an bealach chun cinn is fearr chun a áirithiú go ndéanfar bainistíocht éifeachtach inbhuanaithe ar iascaigh ilspeiceas in uiscí an Iarthair. Sa deireadh, rachaidh sé sin chun sochair d'iascairí agus don tionscal iar-iascaireachta (próiseáil, miondíol) agus do na tomhaltóirí freisin.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Maidir le tionchair ar an gcomhshaol, ní fhéadfadh ach toradh dearfach a bheith ann nuair a chuirtear i gcomparáid leis an *status quo* é. Ní féidir na tionchair dhiúltacha shóisialta agus eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh díreach ar phlean ilbhliantúil amháin nó ar dhá phlean ilbhliantúla sa ghearrthéarma a chainníochtú, ach meastar gur beag iad na tionchair dhiúltacha a bheidh ann sa ghearrthéarma, agus gur threise na tionchair dhearfacha san fhadtéarma. Meastar gur lú na costais riaracháin i gcás na rogha tosaíochta ina gcuirfear plean ilbhliantúil amháin i bhfeidhm ar uiscí an Iarthair. Leis an bplean ilbhliantúil, bhunófaí an creat is gá don bhainistíocht inbhuanaithe i gcomhréir le cuspóir an bheartais. Tá bainistíocht á déanamh ar na hiascaigh cheana féin, agus ní bheidh i gceist leis an tionscnamh i ndáiríre ach feabhas a chur ar an gcreat.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Sa *status quo*, is iad na cabhlaigh iascaireachta féin a íocfaidh go díreach as na costais mhéadaithe iascaireachta agus, san am céanna, a bheidh thíos leis de bharr na n-iarmhairtí láithreacha a thiocfaidh as táirgeacht íseal na hiascaireachta agus ciorruithe ar chuótaí mar gur gá na stoic a atógáil. Bheadh tionchar freisin ag an táirgeacht íseal agus ag an drochfheidhmíocht eacnamaíoch ar na tionscail iar-iascaireachta ar fad. Is fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) nó fiú micrifhiontair iad formhór mór na ngnólachtaí iascaireachta san earnáil gabhála éisc. Tá cúig shoitheach nó níos lú ná sin ina seilbh ag thart faoi 99.5% de na gnólachtaí iascaireachta sin agus fostaíonn siad timpeall deich mball criú nó níos lú ná sin agus níl ach soitheach amháin ina seilbh ag thart faoi 92% de na cabhlaigh iascaireachta agus fostaíonn siad timpeall bheirt bhall criú (micrifhiontair). Beidh tionchair an tionscnaimh ar an gcomhshaol, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar dearfach sa mheántéarma agus san fhadtéarma i gcoitinne mar go mbeifear ag súil leis go mbeidh na stoic éisc níos láidre agus go dtiocfaidh méadú orthu i bhfad na haimsire. A bhuí leis na stoic mhéadaithe, tiocfaidh méadú ar na cuótaí éisc don tionscal agus dá réir sin, déanfar ioncam na ngnólachtaí iascaireachta a fheabhsú agus a

chobhsú.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní imreofar. I ngeall ar an tionscnamh, d'fhágfadh sé go mbeadh an creat bainistíochta atá ann cheana níos éifeachtaí agus ní bheidh aon tionchar suntasach aige ar bhuiséid agus ar chórais riaracháin náisiúnta.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

De bharr an tionscnaimh, déanfar bainistíocht na n-iascach in uiscí an Iarthair a shimpliú trína lán speiceas agus iascach a chur in éineacht le chéile in aon phlean amháin. Cuirfidh sé próiseas an réigiúnaithe i bhfeidhm freisin ar colún tábhachtach den Chomhbheartas Iascaigh é agus a bhfuil sé d'aidhm aige díriú ar spriocanna agus ar chuspóirí ginearálta ar leibhéal an Aontais agus, san am céanna, forbróidh grúpaí réigiúnacha na mBallstát an chaoi a gcuirfidh siad féin na spriocanna agus na cuspóirí sin chun feidhme, rud a fhágfaidh go gcuirfear sainiúlachtaí réigiúnacha san áireamh.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Má ghlactar an plean ilbhliantúil le haghaidh iascaigh ghrinnill in uiscí Iarthair an Aontais Eorpaigh roimh dheireadh 2018, féadfar an chéad mheastóireacht a dhéanamh air roimh dheireadh 2023.